

# Eagarfhocal

Séamas Ó Neachtain


Kopalnia soli Wieliczka. Sin an t-ainm i bPolainnis ar an mianach salainn lasmuigh de Kraków - Cracogha na Polainne. Tá sé ann le breis is 700 bliain, agus an-cháil ar fad air. Thug ár gcara Tim Quinlan cuairt air, ar a thuras go dtí an Pholainn. Tá a thuairisc ar a chuid eachtraithe san eagrán seo, agus grianghraf ón mianach féin ar an gclúdach againn.

Rinneadh ealaón den salann san áit sin. Gnó a bhí ann, cinnite, agus i bhfad ní ba mhó, freisin. Ceaptar gurb é an obair sna mianaigh shalaínn an crann ba mheasa a thitfeadh ar dhuine. Ní hamhlaidh a bhíodh i gcónaí, de réir dealraimh. Ach pé deacair agus a bhíodh an obair, rinne siad ní b'fhearr é leis an ealaón agus lena gcuid creidimh. Tógadh séipéil áille faoin talamh, as an salann féin, fiú.

I slí eile, ba iad féin salann na talún, iad siúd a chur feabhas ar chúrsaí. Mar a dúirt Íosa sa Bhíobla, "Is sibhse salann na talún. Ach má éiríonn an salann leamh, cad a dhéanfaidh goirt arís é? Níl tairbhe ann feasta chun rud ar bith, ach é a chaitheamh amach mar a ngabhfar de chosa ann" [An Bíobla Naofa, An Sagart]. Cuireann salann blas ar an saol leamh. Sin mar a dhéanann gach duine a scríobhann dár n-iris, mar shampla.

Tá leagan eile den sliocht thusas i gcló: "Is sibhse salann an domhain; ach má chailleann an salann a bhlás, conas a dhéanfar goirt arís é? Níl úsáid ann, ach a chaitheamh amach faoi chosa na ndaoine" [Tiomna Nua, Cumann Gaelach na hEaglaise]. Bíonn dhá insint ar gach scéal... Agus níos mó roghanna ná sin ag an aistritheoir! Tá aistriúcháin eile le Gabriel Rosenstock againn san eagrán seo, agus ba mhaith a roghnaigh sé, táim cinnite. Tugann sé blas dúinn as filíocht ón Ind nach bhfuil ar fáil áit ar bith eile, go bhfios dom.

Is minic go mbíonn dhá léamh ar scéal go liteartha (agus is débhríoch sin...). Mar shampla, litrígh Gabriel "Ko Un" sa nós Béarla. Ní ainm Béarla sin, dar ndóigh. Litrítear mar "고 은" sa Chóiréis (nó 高銀 - tá dhá nós scríofa acu, freisin!). Chuirfinse féin "Kó Ún" air, mar is cosúil sin leis an bhfuaimniú de. Go minic, is féidir a bheith níos cruinne sa Ghaeilge ná sa Bhéarla. Feictear an phraiseach a dhéantar as focail agus logainmneacha Gaeilge sa Bhéarla i gcónaí. Níl sé éasca fuaiméanna teanga amháin a



chur i dteanga eile. Tá sé níos deacra fós má tá an tríú teanga eatarthu! Fágann gach teanga a blas... (agus faigheann gach teanga blas!)

Ní lia duine ná tuairim, agus tá mo thuairimse le léamh arís anseo faoi leabhar filíochta eile. Díríonn léirmheas ar mhíreanna áirithe agus maítear gur tábhachtach nó suntasach iad. Moltar go léifí an saothar atá idir lámhaibh, agus go ndéanfadh an léitheoir a mhachnamh féin ar na gnéithe seo. Tugtar blas dá bhfuil sa leabhar áirithe seo duit san eagrán seo, agus seans go dtaitneoidh sé leat. Rogha an léirmheastóra atá ann, dar ndóigh. Seans nach ndéanfá an rogha chéanna. Táthar ag súil go mbeidh fuaimint áirithe sna roghanna agus na tuairimí a nochtfar anseo. Cé tá ionamsa in aon chor ach gnáthdhuine a léigh an leabhar cheana féin. Bíonn áthas orm nuair a thugtar deis dom blaiseadh de shaothar mar seo a fháil agus sin a cur ar shuílibh ár léitheoirí. Más mian leat, a léitheoir, déan amhlaidh, agus léirigh do chuid tuairimí dúinn in An Gael freisin. An bhfuil leabhar spéisiúil agatsa?

Salann na talún - sin féin leagan eile de “salann an talaimh”! Is rud dearfach thus é, pé leagan acu atá agat. Ach bhíodh nós uafásach cogáiochta ann fadó, chun an talamh a loit le salann. Cur an tsalainn. Rinne na Naitsithe a leithéid, ar dóigh. Thug Tim cuairt ar Auschwitz, freisin. Níl an dochar sin inleigheasta, mar thalamh loite. Smál buan atá ann ar an gcine daonna.




Ach bímis dearfach, mar is nós do *An Gael!* Ní théimid thar fóir. Bíonn a cheart de shalann againn chun blas sona blasta a chur amach gach ráithe. *De gustibus non est disputandum* - beatha duine a thoil - dar ndóigh, ach táthar ag súil go mbíonn ár léitheoirí sásta leis. Tá teastais ó dhaoine áirithe againn ar ár suíomh idirlín ([www.angaelmagazine.com](http://www.angaelmagazine.com)). Bíonn fáilte roimh mholtáí (sa dá bhrí!) i gcónaí.

Agus mé ag tagairt don idirlíon, ní mór dom a lua go bhfuil leathanach oifigiúil againn ar *Facebook* anois. Cuirim ábhar agus nuacht amach ansin go minic. Déan cairdeas linn! Lorg ‘An Gael - Irisleabhar Idirnáisiúnta na Gaeilge’. Beidh ábhar speisialta ann i rith ‘Seachtain na Gaeilge’ (4-17 Márt), dála an scéil...

Tá scannán Meiriceánach ann, clár faisnéise, dar teidil *Catfish*. Baineann sé leis an saol bréagach a bhíonn ann minic go leor ar an idirlíon. Is iomaí cladhaire agus cleasaí atá ann, ag cur in iúl gur duine iad nach iad le fírinne (tá leathanach bréagach *An Gael* ar Facebook nach ndearnamarne, aisteach le rá). Mínítear sa scannán brí a theidil, agus baineann sé le hábhar. Molaim é mar scannán - agus clár teilifíse, freisin. Ní loitfidh mé an scéal duit, ach go hachomair, cuireann dream na mbréag le suimiúlacht an

tsaoil seo. Ní cladhairí iad léirmheastóirí, táthar ag súil! Ná úrscéalaí, de ghnáth. Ach is bréag an ficsean, ar dóigh. Tá blas eile de úrscéal Phanu Höglund againn arís, ar lean agus le bheith leanta, le cúnamh Dé. Bíonn níos mó ná blas den fhírinne in úrscéal maith, an ceann seo san áireamh. Cad is fírinne ann?

Sin ceist Phíoláid ar Íosa, sa Bhíobla. Is mórcheitist don chine daonna í, dar ndóigh. Ní bhíonn fealsúnacht le léamh anseo, *per se*. Ach bíonn machnaimh ár scríbhneoirí ag díriú uirthi go minic, agus go háirithe is sa bhfilíocht a bhítear ag iniúchadh na fírinne. Tá dánta le Colin Ryan agus Áine Durkin againn an uair seo, maraon leis na cinn a luadh thus. Cad a bhfaighfeá iontu?



Mar a thuig Íosa, téann an salann síos tríd an mbia nuair a bhíonn sé ann. De ghnáth, bíonn sé measctha leis an uile chomhábhar eile, agus ní féidir é a scarúint uatha. Is amhlaidh a bhíonn sé sa Sáile, agus a bhíonn an sáile féin in amhráin na Gaeilge, mar a insíonn Lugh De Paor dúinn san eagráin seo. Agus is amhlaidh go mbíonn an fhírinne le fáil sna dánta agus san fhicsean - fiú in eachtraí an duine. Is deacair do mhéar a leagadh uirthi, ach bíonn sí ann. Tá sí fairsing agus mór. Is mó í ná sinne.

Má éiríonn an salann leamh, an féidir an scéal sin a leigheas? Ar tharla sin do dhuine sa ghearrscéal le Micheál Ó hAodha? Nó an bhfuil níos mó ná sin i gceist? An amhlaidh a tharla le teanga seo na nGael in Éirinn? An féidir an bua a bhain an Béarla amach a leigheas? Ardaíonn Gearóid Ó Ceallaigh an cheist seo ina cholún. Déarfainn gur salann na hÉireann í an Ghaeilge. Gan í, bheadh cultúr na tíre leamh. Ní bheadh fágtha ach an leipreachánachas, sul' i bhfad.